Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2018**

Centre Number

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Candidate Number

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

# Irish

Assessment Unit A2 2
(Sections B and C)
*assessing*
Reading and Extended Writing

*AI222*

## [AI222]
## THURSDAY 31 MAY, AFTERNOON

**TIME**

2 hours 20 minutes.
Candidates are advised to spend 1 hour 20 minutes on Section B and 1 hour on Section C.

**INSTRUCTIONS TO CANDIDATES**

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
Write your answers in the spaces provided in this question paper.
Section B: answer **all** questions.
Section C: answer **one** question only in Irish.

**INFORMATION FOR CANDIDATES**

The total mark for this paper is 100:
50 marks for Section B and 50 marks for Section C.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
You are provided with an Insert for use with Questions **2** and **3** of Section B in this paper.
The use of a dictionary is **not** permitted.

**Additional Materials Required:**
None.

| For Examiner's use only | |
|---|---|
| **Question Number** | **Marks** |
| B1 | |
| B2 | |
| B3 | |
| B4 | |
| C1/2/3 | |
| **Total Marks** | |

## Section B: Reading

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**1 Léigh an sliocht seo a leanas faoi chearta na mac léinn agus teach ar cíos acu agus líon isteach gach bearna leis an fhocal/leis an fhrása is fóirsteanaí ón bhosca thíos. Níl cead focal/frása ar bith a úsáid níos mó ná aon uair amháin.**

### Cearta tithíochta

Nuair a théann mic léinn chun na **(a)** _________________ den chéad uair, titeann cuid mhór **(b)** _________________ orthu. Bíonn orthu teach a **(c)** _________________ ar cíos, mar shampla, agus bíonn orthu déileáil le tiarna talaimh, rud nach raibh le déanamh acu go dtí sin. Caithfidh siad an dlí a thuiscint ó thaobh cearta **(d)** _________________ de. Is é ceann de na rudaí a chuireann iontas ar dhaoine ná go mbíonn an mac léinn freagrach as sábháilteacht na **(e)** _________________ a thagann chun tí. Ar an taobh eile den scéal, is é an tiarna talaimh atá freagrach as **(f)** _________________ an tí agus as sábháilteacht gáis agus **(g)** _________________.

Tá cearta ar leith ag an mhac léinn fosta. Má tá an tiarna talaimh ag iarraidh **(h)** _________________ chun tí, caithfidh sé nó sí **(i)** _________________ a thabhairt i scríbhinn ceithre huaire fichead roimh an chuairt – ach amháin i gcás éigeandála.

Na mic léinn bhochta – bheadh céim sa **(j)** _________________ de dhíth orthu dá mbeadh siad leis na rialacha casta tithíochta a thuiscint!

*Source: Examiner*

| | | |
|---|---|---|
| fháil | ag fágáil | slán |
| leictreachais | tithíochta | dlí |
| teacht | hollscoile | deireanach |
| ollscoil | rabhadh | cóiriú |
| gcuairteoirí | páipéar | freagrachtaí |

**Marks for AO2 [10]**

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |

**2** **Léigh an t-alt *Cumhacht núicléach*. (See Insert.)**

**Cuir críoch le gach abairt (a) go (j) le frása ón liosta (i) go (xi) thíos. Cuir an litir cheart sa bhosca i ngach cás. Ní bheidh gach abairt de dhíth ort.**

| Tús na habairte | Críoch na habairte |
|---|---|
| **(a)** Nuair a smaoiníonn daoine ar chumhacht núicléach | |
| **(b)** Bíonn daoine ag caint go fóill | |
| **(c)** Thug na tubaistí a tharla | |
| **(d)** Tá cuid mhór daoine den bharúil go raibh | |
| **(e)** Síleann daoine go raibh drochthionchar ag dramhaíl núicléach | |
| **(f)** Le déanaí, tugadh ceadúnas le | |
| **(g)** Tiocfaidh cuid mhór den airgead | |
| **(h)** Tá *An Taisce* míshásta | |
| **(i)** Deir *An Taisce* go bhfuil an stáisiún úr ag *Hinkley C* | |
| **(j)** Ar an taobh dearfach den scéal | |

**(i)** … baint ag an tine a tharla in Windscale le tinnis anseo in Éirinn.

**(ii)** … nár iarr rialtas na Breataine comhairle ar rialtas na hÉireann sular eisigh siad ceadúnas don stáisiún úr.

**(iii)** … ar bhia na farraige, fiú sna hochtóidí.

**(iv)** … do *Hinkley C* ó rialtas na Síne.

**(v)** … smaoiníonn siad ar na tubaistí a tharla sna stáisiúin chumhachta núicléach.

**(vi)** … droch-íomhá don chumhacht núicléach.

**(vii)** … daoine ag caint faoi na fadhbanna.

**(viii)** … níos giorra do phríomhchathair na hÉireann ná mar atá sé do chuid de na cathracha i Sasana.

**(ix)** … beidh buntáistí ann leis an tionscnamh seo do mhuintir Shasana.

**(x)** … faoi na tubaistí a tharla san am atá caite.

**(xi)** … stáisiún úr cumhachta núicléach a chur ar bun.

**Marks for AO2 [10]**

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**3 Léigh an t-alt *Cumhacht núicléach*. (See Insert.)**
**Freagair as Gaeilge na ceisteanna thíos.**

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(a)** Cad é a thugann le fios dúinn san alt go raibh eagla ar dhaoine roimh an chumhacht núicléach?

______

______

______ [2]

**(b)** Cé na ráflaí a bhí ag dul thart faoin timpeallacht agus faoi thinnis i ndiaidh na tine in Windscale sa bhliain 1957?

______

______

______

______ [3]

**(c)** Mínigh fáth amháin a síleann *An Taisce* gur chóir do rialtas na Breataine dul i gcomhairle le rialtas na hÉireann sular thug siad cead an stáisiún úr a thógáil ag Hinkley Point.

______

______

______ [2]

**(d)** Luaigh **trí** bhuntáiste a bheidh ag muintir Shasana i ndiaidh don tionscnamh seo teacht chun críche.

______

______

______

______ [3]

**Marks for AO2 [10]**

## 4 Aistrigh go Gaeilge

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

If you walk into any school on this island, you will surely hear a foreign language being spoken.

If you go to a St Patrick's Day parade in any town in Ireland, you will see people from distant countries celebrating our patron saint's big day.

In the world of literature and on social media, we read about immigrants who play Gaelic games, for example, or who learn our native language.

Of course, we welcome these people and the diversity. Diversity helps society in general.

It is thought, however, that the people in charge of television in this country need to look at their policies.

Even though Ireland is a multicultural place nowadays, we still haven't seen a foreigner presenting a news programme. This needs to change soon.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

Marks for AO3 [20]

## Section C: Extended Writing

**Freagair as Gaeilge ceann amháin de na ceisteanna a leanas. Scríobh 300–350 focal.**

**1 Drámaíocht**

**(a)** "Tá ról iontach láidir le himirt ag Eilís sa dráma, ***Breithiúnas***, le Máiréad Ní Ghráda."

Scríobh aiste a léireoidh do thuairim ar an ráiteas thuas.

**nó**

**(b)** Cad é an tuiscint atá agat ar shaol na polaitíochta in Éirinn ag am scríofa an dráma, ***Breithiúnas***, le Máiréad Ní Ghráda?

**2 An Chéad Chnuasach**

**(a)** Scríobh aiste a léireoidh an tuiscint atá agat ar na téamaí is tábhachtaí sa scéal ***Oíche Ghaoithe*** le Peigí Rose.

**nó**

**(b)** Scríobh aiste a mhíneoidh an dóigh a léirítear téama an ghrá sna scéalta in ***An Chéad Chnuasach*** le Peigí Rose.

I do fhreagra, déan tagairt do **dhá** scéal ar a laghad.

**3 Filíocht**

**(a)** Scríobh aiste a léireoidh an tuiscint atá agat (ón fhilíocht a bhfuil staidéar déanta agat uirthi) ar théama an chogaidh.

I do fhreagra, déan tagairt do **dhá** dhán ar a laghad a bhfuil an cogadh mar théama iontu.

**nó**

**(b)** Scríobh anailís liteartha ar an dán ***Súile Shuibhne*** le Cathal Ó Searcaigh.

Déan cinnte go bpléifidh tú na nithe seo a leanas i do fhreagra:
- príomhthéamaí an dáin
- an dóigh a léiríonn an file a mhothúcháin ann.

**Súile Shuibhne**

Tá mé ag tarraingt ar bharr na Bealtaine
go dúchroíoch i ndorchacht na hoíche
ag ardú malacha i m'aistear is i m'aigne
ag cur in aghaidh bristeacha borba gaoithe.

B'ise mo mhaoinín, b'ise mo Ghort an Choirce
mise a thug a cuid fiántais chun míntíreachais
ach tá a claonta dúchais ag teacht ar ais arís
anocht bhí súile buí i ngort na seirce.

Tím Véineas ansiúd os cionn Dhún Lúiche
ag caochadh anuas lena súile striapaí
agus ar ucht na Mucaise siúd cíoch na gealaí
ag gobadh as gúna dubh na hoíche.

Idir dólás agus dóchas, dhá thine Bhealtaine,
caolaím d'aon rúid bhuile mar leathdhuine.
Tá soilse an Ghleanna ag crith os mo choinne –
faoi mhalaí na gcnoc sin iad súile Shuibhne.

*Poem: Súile Shuibhne by Cathal Ó Searcaigh. Published in Homecoming, An bealach 'na bhaile by Cathal Ó Searcaigh. (ISBN 10: 1 874700 55 9), 1993. Published by © Cló Iar-Chonnachta*

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

| Examiner Only | |
| --- | --- |
| Marks | Remark |
| | |

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**Marks for AO2 [40]**

**Marks for AO3 [10]**

**Total marks [50]**

**THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER**

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

**For use with Questions 2 and 3 of Section B**

**Léigh an t-alt seo a leanas agus freagair na ceisteanna.**

## Cumhacht núicléach

Nuair a chluineann daoine caint faoi chumhacht núicléach, is minic a chuimhníonn siad ar ainmneacha mar Windscale, Sellafield, Fukushima nó Chernobyl. Ba iad sin na háiteanna a tharraing droch-chlú ar chumhacht núicléach mar gur tharla timpistí iontu – timpistí atá i mbéal an phobail go dtí an lá atá inniu ann.

Nuair a chuaigh stáisiún cumhachta núicléach Windscale (ar chósta iarthar na Breataine) trí thine ar an 10ú lá Deireadh Fómhair 1957, bhí eagla ar dhaoine go raibh deireadh an domhain ann. Tá daoine ann go fóill a déarfadh leat go raibh baint ag an tine sin le rudaí a thit amach ina diaidh. Anseo in Éirinn sna seascaidí agus sna seachtóidí tháinig ailse ar a lán daoine agus tháinig cuid mhór páistí ar an tsaol a raibh *Down's Syndrome* orthu. Anonn sna hochtóidí fiú, bhíodh scéalta ag dul thart faoi éisc ar thángthas orthu i Muir Éireann agus trí cloigne orthu!

Bíodh sin mar atá, tá rialtas na Breataine i ndiaidh cead a thabhairt ar na mallaibh stáisiún úr cumhachta núicléach a thógáil ag Hinkley Point ar chósta iarthar Shasana. Cosnóidh an tionscnamh úr, a bhfuil *Hinkley C* mar ainm air, ocht mbilliún déag punt agus tiocfaidh an chuid is mó den infheistíocht ón tSín agus giota ón Fhrainc fosta. Níl an *National Trust of Ireland*, nó *An Taisce* mar is fearr aithne air, iontach sásta nach ndeachaigh rialtas na Breataine i gcomhairle le rialtas na hÉireann faoi na pleananna sular thug siad cead dul ar aghaidh leis an stáisiún seo atá chomh cóngarach do chósta na hÉireann agus atá sé do Londain. Deir *An Taisce* go bhfuil Baile Átha Cliath níos cóngaraí do Hinkley Point ná mar atá Leeds, mar shampla. Cad chuige, mar sin, a deir *An Taisce*, nach ndearnadh teagmháil le rialtas na hÉireann faoi na himpleachtaí atá leis an tionscnamh seo ó thaobh thimpeallacht na hÉireann de?

Ar an taobh eile den scéal, deir rialtas na Breataine go gcuirfidh an tionscnamh seo cuid mhór postanna ar fáil agus an stáisiún á thógáil acu agus go gcuirfear naoi gcéad post ar fáil sa stáisiún féin. Ar ndóigh, beidh buntáiste ag muintir Shasana mar gheall ar phraghas íseal an leictreachais a ghinfear ag *Hinkley C*. Deir siad fosta go dtig bheith ag brath níos fearr ar chumhacht núicléach ná ar chumhacht ón ghaoth nó ón ghrian.

*Source: Examiner*